Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7004/1/26**
**REV 1**

**EF 55**
**ECOFIN 286**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| An: | 25 Márta 2026 |
| Ábhar: | CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOMHAIRLE (AE) 2026/... an ... maidir le síneadh a chur le téarma oifige Chathaoirleach an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) |

1. Trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2021/879 ón gComhairle[1], cheap an Chomhairle Petra HIELKEMA ina Cathaoirleach ar an Údarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) ar feadh tréimhse 5 bliana ón 1 Meán Fómhair 2021.

2. Foráiltear le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010 go bhfuil téarma oifige Chathaoirleach ÚEÁPC ('an Cathaoirleach') le maireachtáil 5 bliana agus go bhféadfar síneadh a chur leis uair amháin. Foráiltear leis an Rialachán sin freisin, le linn 9 mí roimh dheireadh an téarma 5 bliana go bhfuil Bord Maoirseoirí ÚEÁPC ('an Bord Maoirseoirí') le meastóireacht a dhéanamh agus go bhfuil an Chomhairle in ann, ag gníomhú di ar thogra ón mBord Maoirseoirí agus le cúnamh ón gCoimisiún, síneadh a chur le téarma an Chathaoirligh, agus an mheastóireacht sin á cur san áireamh.

3. Tá an chéad téarma oifige 5 bliana de Petra HIELKEMA le dul in éag an 31 Lúnasa 2026.

4. I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1094/2010, rinne an Bord Maoirseoirí meastóireacht, ina ndearnadh measúnú ar na torthaí a bhain Petra HIELKEMA amach le linn a céad téarma oifige mar Chathaoirleach, ar an gcaoi ar baineadh amach na torthaí sin agus ar dhualgais agus ar cheanglais ÚEÁPC do na blianta amach romhainn.

[1] Cinneadh Cur Chun Feidhme (ae) 2021/879 ón gcomhairle an 27 Bealtaine 2021 maidir le Cathaoirleach an Údaráis Eorpaigh um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC) a cheapadh (IO L 192, 1.6.2021, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2021/879/oj).

6. Thángthas ar an gconclúid sa mheastóireacht go raibh feidhmíocht Petra HIELKEMA sásúil agus go rannchuideodh a ceannaireacht leanúnach le sainordú ÚEÁPC a chomhlíonadh go héifeachtach.

7. Dá réir sin, mhol an Bord Maoirseoirí go ndéanfaí síneadh a chur le téarma oifige Petra HIELKEMA mar Chathaoirleach don dara téarma.

8. Ag féachaint don mheastóireacht agus don mholadh ón mBord Maoirseoirí, moltar go n-iarrfadh Coiste na mBuanionadaithe ar an gComhairle an dréachtchinneadh cur chun feidhme ón gComhairle a ghlacadh mar a leagtar amach in 7000/2026 é, lena gcuirtear síneadh le téarma oifige Petra HIELKEMA mar Chathaoirleach ÚEÁPC don dara téarma 5 bliana,